

Plean Teanga Mhúscraí
Aguisín I – Na Moltaí

Aguisín I - Na Moltaí

- | | |
|---|----------|
| 1. Eagraíochtaí Pobail & Clubanna Áisiúla / Local Committees & Clubs | Lth. 203 |
| 2. Daltaí Iarbhunscoile – Secondary School Students
Coláiste Ghobnatan, Baile Bhúirne
Scoil Mhuire, Béal Átha'n Ghaorthaidh | Lth. 213 |
| 3. Daltaí Bunscoile Mhúscraí – National School Students

Scoil Abán Naofa, Baile Bhúirne
Scoil Chúil Aodha-Barr d'Inse
Scoil Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaorthaidh
Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra
Scoil Réidh na nDoirí | Lth. 224 |
| 4. Tuismitheoirí / Caomhnóirí – Parents / Guardians | Lth. 233 |
| 5. Tuismitheoirí Lapadáin & Naíonraí
/ Parents of Toddlers & Preschool Children | Lth. 242 |
| 6. Ceistneoir Comónta – General Questionnaire | Lth. 246 |

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

1. EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL / COMMUNITY ORGANISATIONS

MOLTAÍ TUGTHA AR AN NGUTHÁN / SUGGESTIONS GIVEN OVER THE PHONE (120 glaoch gutháin)

- Meitheal Áisitheoirí Áitiúla le scileanna ar leith acu (Meitheal of Local Facilitators with specific skills).
- Tacaíocht do dhaoine nua-isteach (Support for people who move into the area).
- Tacaíocht do thuismitheoirí – acmhainní (Support for parents – resources).
- Lógó do cheantar Mhúscraí - aiteann b'fhéidir (A logo for Gaeltacht Mhúscraí – perhaps gorse).
- Straitéis turasóireachta a fhorbairt do Mhúscraí (Develop a tourism strategy for Múscraí).
- Go láidreofaí áit na Gaeilge sna féilte & imeachtaí pobail ar fad (Promote Irish during all local events/ festivals).
- Comharthaíocht – Gaeltacht - ‘Labhraítear Gaeilge Anseo’ (Signage – Gaeltacht ‘Irish Spoken Here’).
- Na Coláistí Samhraidh a threisiú – Béal Átha’n Ghaorthaidh & Baile Bhúirne (Support & strengthen local Coláistí Samhraidh).
- Suíomh idirlín lárnach do Ghaeltacht Mhúscraí (Central website for Múscraí Gaeltacht).
- ‘Mol’ oifige ar ardchaighdeán a fhorbairt (Develop a high quality office ‘hub’) – m.sh Macroom E-park

EILE

- Ba cheart go mbeadh ceardlanna in-tí bunaithe ar an gcomhrá agus iad spráúil (In-house workshops should be conversational and fun)
- Ba cheart duine a thraenáil chun ceardlanna a reáchtáil – amhránaíocht, rince, Gaeilge do Mhúscraí ar fad (Train someone to run workshops - singing, dancing, Gaeilge for all of Múscraí).
- Ní mór go mbeadh ardchaighdeán leathanbhanda ar fáil ar fud na Gaeltachta (High quality broadband must be made available throughout the Gaeltacht).
- Ba cheart go mbeadh gach comharthaíocht agus ábhar clóite le haghaidh úsáide sa Ghaeltacht dhátheangach (All signage and printed material created for specific use in the Gaeltacht should be bilingual). Cosúil le Gaillimh le Gaeilge
- Teastaíonn níos mó chomharthaí dátheangacha (More bilingual signage is wanted).
- Cabhair le polasaí teanga a chur le chéile do na grúpaí seo ar fad (To assist all these groups to develop language policies).
- Iarracht a dhéanamh Gaeilge a labhairt má labhraíonn duine Gaeilge leat - foghlaimoírí & muintir áitiúla (Make an effort to use Irish if Irish is spoken to you – learners & locals).

MOLTAÍ Ó NA CEARLDANNA / SUGGESTIONS FROM WORKSHOPS

Ceist 1 - Cad iad na háiseanna pobail atá in easnamh i do shráidbhaile?

Ceist 2 - Cad iad na moltaí a bheadh agat i dtaobh daoine a spreagadh chun Gaeilge a úsáid níos minicí sa phobal?

Ceist 3 – Cad é bhur ‘bhFÍS’ do cheantar Mhúscraí ?

CILL NA MARTRA - 06.12.17

CEIST 1 – ÁISEANNA

- Ionad Cúram Leanaí tar éis scoile x 2.
- Spóirt a imirt & Gaeilge a labhairt.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Suíomh idirlín a thabharfadh eolas ar cad atá ar siúl ó thaobh Cultúir & Gaeilge x 2.
- Clár Fógraí (Notice Board) i lár an bhaile.
- Páirc súgartha.
- Slí siúlóide.

CEIST 2 – GAEILGE

- Gníomhaíochtaí spóirt & cultúrtha a mhealladh chun Gaeilge a úsáid níos mó.
- Ciorcal Comhrá (& iarracht a dhéanamh 20's a mhealladh – daltaí ollscoile s.rl.) x 3.
- Pionna nó rud éigin le cur in iúl go bhfuil daoine sásta Gaeilge a labhairt
- Comharthaí do chairr (greamaitheoirí), sna siopaí s.rl. – Fáinne nó suaitheantas 'ciaróg x 2' ionas go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil Gaeilge acu (ór) x 2.
- Fógraí 'Gaeilge anseo' go forleathan.
- Ranganna Ceoil – níos fearr – dírithe ar uirlis amháin. Aisling Gheal.
- Ranganna do dhaoine fásta – aos oideachas trí Ghaeilge.
- Aifreann as Gaeilge – ó am go chéile – uair sa mhí.
- Bunchlub & Club Óige.
- Ambasadóirí (Ambassadors) – Christina Desmond, Noel O' Leary, Buaiteoir Cailín Gaelach.
- Tacaíocht do thuismitheoirí le Gaeilge (obair bhaile s.rl.).
- Ranganna ar siúl ag an am céanna leis an Naíonra.
- Liosta daoine a bheadh sásta cúram leanaí a dhéanamh le Gaeilge – cé acu in áis pobal nó sa bhaile.

CEIST 3 – FÍS

- Níos mó meas ar an gcultúr – go háirithe i measc na n-óg.
- Níos mó Gaeilge á labhairt.
- Níos mó daoine fásta ag labhairt Gaeilge le páistí.
- Go mbeimis fós mar Ghaeltacht agus neartaithe faoi 2025.
- Múscraí a réiteach amach mar cheantar cuairteoireachta cultúrtha – do choláistí, lucht ollscoile, daltaí ó thar lear.
- Go mbeadh méadú ar líon na ndaoine sa cheantar a bhaineann úsáid as an méid Gaeilge atá acu.

BÉAL ÁTHA'N GHAORTHAIDH – 07.12.16

CEIST 1 –ÁISEANNA

- Coláiste na Mumhan – a choimeád oscailte i rith na bliana ar fad, crut níos fearr a chur ar an áit & úsáid níos mó a bhaint as & níos mó ag muintir na háite.
- Linn snámha a athchóiriú agus a bheith oscailte.
- Áit shóisialta a bheith ar fáil do mhuintir na háite.
- Café / bialann – do dhaoine óg agus aosta – b'fhéidir Cuan Barra / Áras/ Col. na Mumhan x 2.
- Stáisiún peitрил x 2.
- Leabharlann le Gaeilge & leabhair Ghaeilge.
- Comharthaí gur féidir Gaeilge a labhairt.
- Suíomh idirlín (Website) lárnach.
- Bothán na bhFear & Bothán na mBan (Men's Shed & Women's Shed).
- Cartlann / Músaem (Archive / Museum).
- Slí siúlóide gur féidir dul ag siúl ann ar nós Slí Bhriain i mBaile Mhúirne agus an siúlóid phobail i gCluain Droichead (san oíche) x 3.
- Suíomh sóisialta do dhaoine óga.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Bia sa tigh tábhairne.
- Níos mó fostaíochta go háitiúil – na foirgnimh folamha a úsáid / a líonadh.
- AstroTurf.
- Tuillte – Córas séarachais.
- Áit le bualadh in ionad tithe tábhairne.
- Lóistín - Níl lóistín ar fáil.
- Dífhibrilleoirí (Defibrillators) nua & cúrsa a dhéanamh arís.

CEIST 2 –GAEILGE

- Duine fostaithe chun féilte / imeachtaí a reáchtáil.
- Aifreann trí Ghaeilge.
- Seisiún ceoil / céilí go míosúil seachas tigh tábhairne (do gach aois grúpa) x 2.
- Ranganna rince seit.
- Na grúpaí áitiúla a spreagadh Gaeilge a labhairt.
- Drámaíocht as Gaeilge – bhíodh sé an-láidir anseo & b'fhéidir go gcabhróidh sé le chur chun cinn na Gaeilge arís.
- Oíche Ghaeilge sna tithe tábhairne.
- Seanfhocail áitiúla a bhailiú.
- Greamaitheoirí (Stickers) do gach teaghlach 'Gaeilge & Fáilte' & don ghluaisteán 'Gaeilge agam'.
- Ciorcal comhrá uair sa mhí.
- Laethanta randamacha (random) a roghnú mar 'Lá na Gaeilge', m.sh. Dé Domhnaigh tar éis Aifrinn ó am go chéile & é a fhógairt.
- Seans a thabhairt do pháistí áitiúla amhráin cháiliúla a aistriú go Gaeilge & é a chanadh m.sh. Coláiste Lurgan (tá ceoltóirí againn ach seans a thabhairt dóibh).
- Airgead - €100 nó £10 a cur ar fáil arís x 2.
- Brat scoile.
- Daltaí a mhealladh go dtí an scoil ó Inse Geimhleach & Beantraí – bus saor?
- Ranganna Gaeilge
- Ranganna & Ciorcal comhrá.
- Imeachtaí sóisialta as Gaeilge, cártaí sa tigh tábhairne, rince.
- Toastmasters as Gaeilge.
- Comharthaí 'Gaeilge Anseo' go háitiúil & leathnú amach go dtí na sráidbhailte cóngaracha Inse Geimhleach / An Chaolchoill.
- Cabhrú le coistí / grúpaí an Ghaeilge a úsáid agus cá chur chun cinn níos mó.
- Coinníoll teanga a chur ar chomhlachtaí an cheantair ionas go ndéanfaidís iarracht níos mó i leith na Gaeilge.
- Níos mó imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge go náisiúnta & b'fhéidir Seachtain na Gaeilge / Deireadh Seachtain na Gaeilge áitiúil a eagrú uair sa mhí x 2.
- Ceardlanna ar Facebook & Snapchat trí Ghaeilge.
- Duais gach seachtain don pháiste a labhraíonn an méid is mó Gaeilge sa siopa – d'fhéadfaí é a dhéanamh sna tithe tábhairne do dhaoine fásta.
- Dhá phobal – Gaeilge & Nach bhfuil suim acu.
- Lógó do Ghaeltacht Mhúscraí – aiteann?
- Aip (App) Gaeltacht Mhúscraí – a chur le chéile – www.activeme.ie le gach uile sórt faoin Ghaeltacht agus oidhreacht Mhúscraí.
- Rás Mhúscraí a bhunú idir na bailte.
- Sna hóstáin – cúrsaí Gaeilge a rith sna hóstáin. Siúlóidí sa cheantar as Gaeilge. Deireadh seachtainí le labhairt Gaeilge agus rince Gaelach Timmy the Brit, Biachlár Gaeilge. Foclóir simplí do thurasóirí. Arís faoin téarma – úsáid cúpla focal.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Comharthaí ar na príomhbhóithre le téarmaí éagsúla Gaelach le ‘Dia Dhuit – Hello – Úsáid cúpla focal.’ Treoir i ngach baile le heolas faoin nGaeltacht agus eolas faoi na bailte eile.
- Corn Ghlór na nGael.
- Leabhair as Gaeilge saor in aisce.
- Gaeilge na háite a spreagadh / a chur chun cinn in ionad Gaeilge oifigiúil.
- Aipeanna (Apps) as Gaeilge do leanaí óga / cluichí.
- Oíche shóisialta sa tigh tábhairne.
- Féilte áitiúla a eagrú.
- Cúntóir teanga do thuismitheoirí.
- Beannú as Gaeilge i gcónaí.
- Ciorcal Comhrá cosúil le club leabhar (book club) i dtithe príobháideacha.
- Fógraíocht faoi RnG go háitiúil – m.sh. Saol ó Dheas 12-11.n.
- Clubanna s.rl..... moladh do eagraitheoirí go léir an Ghaeilge atá acu a úsáid.
- Club Óige.
- Margadh na bhfeirmeoirí (Farmers market) – uair sa mhí.
- Tinder as Gaeilge ag an áit.
- Toastmasters as Gaeilge chun muinín a láidriú.

RÉIDH NA NDOIRÍ – 08.12.16

CEIST 1&2

- Ionad Spóirt do Cheantar Mhúscraí – raonta reatha (tracks), AstroTurf, halla mór, café, pinniúr liathróid láimhe (hand ball alley).
- Astro Turf x 2.
- Ionad Cúram Leanáí – ag freastal ar pháistí níos óige agus páistí tar éis scoile (would cater for younger and afterschool children) x 2.
- Siúlóid – raonta rothaíochta ó gach sráidbhaile chun Gaeltacht Mhúscraí a nascadh trí Réidh na nDoirí (Walk – cycle lanes from each village to connect Múscraí Gaeltacht via Réidh na nDoirí).
- Comharthaí bóthair ar an 3 bhóthar i dtreo na scoile le hathphéinteáil agus caithfear soilse nua a chur in áit na soilse in aice leis an Ionad Áise (Road signs painted on 3 roads approaching school and flashing lights near Ionad Áise need to be replaced).
- 4xTionscnaimh a chur sna hionaid atá ag an Údarás - Mullach na Réidh – 16 acra – cumhacht 3 pas & Gort an Imill – áit ina raibh na muisiriúin (Industry to be put in the commercial sites owned by Údarás na Gaeltachta, Mícheál Creedon etc. – Mullach na Réidh – 16 acres – 3 phase power & Gort an Imill – where the mushrooms were).
- Clós súgartha le cur san Ionad Áise nó in áit eile (Playground to be put in the Ionad Áise or other area yard) x 2.
- Áis tigh tábhairne / café chun freastal ar mhuintir na háite idir óg agus aosta araon agus turasóirí & mór go leor le húsáid mar halla (Pub / caifé facility to cater for locals of all ages and tourists & large enough to be used as a hall).
- Bolscaireacht chun iachall a chur ar dhaoine úsáid a bhaint as na hoifigí an phoist agus siopaí áitiúla gach lá/seachtain (Ask people to please use their local post offices and shops to do business daily/weekly) x 3.
- Ranganna a chur ar siúl san Ionad Áise anseo i Réidh na nDoirí – suíomh iontach isea é x 2.
- Lárionad tithíochta sóisialta do dhaoine aosta (Social housing centre for elderly).
- Lárionad turasóireachta le gníomhaíochtaí ar nós rince, ceol, comhrá Gaeilge (Tourism centre with activities including dancing, ceol, Irish conversation).
- Cabhair a thabhairt chun B&Bs & gnóthaí eile a bhunú.

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

- Athchóiriú a dhéanamh ar Childers Cottage le húsáid mar lárionad cultúrtha (Possibly renovate Childers Cottage to be used as a cultural centre).
- Tacaíocht do dhaoine scothaosta (Support the elderly).
- Cártaí (Cards) as Gaeilge.
- Tacaíocht don bhunscoil i Réidh na nDoirí.
- Slí siúlóide le soilse – cosáin (footpaths) idir na háiseanna, séipéal – Ionad Áise – scoil – Oifig an Phoist.
- Ionad Áise – moil (hubs) – oifigí – ranganna.
- Campaí Samhraidh – go háirithe do leanaí 4-6 bliana d’aois (mar go dtosnaíonn formhór na gcampaí ag aois 6).
- Turasóireacht – Tobar Naomh Lachtaín – Léarscáil – áiteanna i Múscraí – Feasacht bhróisiúir (Brochure awareness) – lóistín, léarscáil, slite siúlóide, grianghraif.
- Duine fostaithe san Ionad Áise chun cúrsaí a eagrú s.rl.
- Grúpa Tuismitheoirí & Lapadán (Parent & Toddler group) – tacaíocht ó thaobh amhráin a mhúineadh do na máithreacha nua a thagann isteach. Eagla go mbeidh bearna ann toisc go bhfuil daoine a bhí ag teacht le blianta ag críochnú suas – daoine nua gan Ghaeilge.
- Ciorcal Comhrá – spreagadh éigin chun daoine a mhealladh isteach – club leabhar, cniotáil, ealaín (‘make and do’ do dhaoine fásta).
- Tráth na gCeist idir na 5 bunscoileanna go bliantúil.
- Nasc a chruthú idir na 5 bunscoileanna trí chomórtais / ranganna.
- Comharthaí ‘Gaeilge anseo’ – comharthaí níos séimhe, in ionad a thabhairt le tuiscint go gcaithfear Gaeilge a labhairt anseo ba cheart rud éigin eile a úsáid ar nós ‘Úsáid pé Gaeilge atá agat’ (Signage - more gentle signs rather than giving the idea that you must speak Irish here they should say something like ‘Use what you can’).

CÚIL AODHA – 13.12.16

CEIST 1 – ÁISEANNA

- Siopa – go háirithe tar éis Aifrin x 4.
- Páirc spóirt x 2.
- Athchóiriú ar na seomraí ranga (Pre-fabs).
- Cosán Bia (Food Trail).
- Slí siúlóide – siopa beag le bianna áitiúla.
- Bothán na mBan nó na bhFear.
- Cúram iar-scoile sa tráthnóna x 3.
- Siopa/Bialann x 2.
- Créche x 2.
- Páirc Súgartha.
- Cúirt Leadóige/Cispheile sna sean seomraí ranga.
- Slí siúlóide & Slí siúlóide ar an loch.
- Forbairt a dhéanamh ar Loch Uí Bhogaigh.
- Clár Fógraí (Notice Board).
- Brú Óige (Hostel)
- Tigh Tábhairne – áit le bualadh le chéile.
- Ionad Cúram Leanaí – obair bhaile, róta tuismitheoirí, múinteoirí atá ar scor x 2.
- Na Seomraí Ranga.
- An Abhainn - forbairt ar an abhainn.
- Aonad – droichead do pháistí nua.
- Siopa – co-op.
- Ionad Buail Isteach (Drop-in centre) – coiste deonach (volunteers) chun é a bhainistiú.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Tacsáí áitiúil as Gaeilge.
- Seomraí feistis don pháirc peile/sacair.
- Leabhar cuairteoirí (Visitors book) as Gaeilge don Séipéal.
- Cosán ó Bhaile Bhúirne go Cúil Aodha.
- Comharthaí – carrchlós (car park), linn snámh s.rl.
- Féilire um pleanáil imeachtaí maidir le húsáid na n-áiseanna (Events planning calendar regarding use of facilities).
- Ionad Buail Isteach.

CEIST 2 – GAEILGE

- Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí.
- Lá Gaeilge gach mí i gClub na bPáistí – aoichainteoir – téarmaíocht.
- Ciorcal cainte / Maidin chainte – gach éinne
- Múscraíoch – Nuachtlitir – frásaí éagsúla.
- Labhair Gaeilge tú féin.
- Labhair Gaeilge le daoine fásta os comhair páistí chomh maith le páistí.
- Fógraí – labhraítear Gaeilge anseo – Fáilte roimh Gaeilge. Gaeilge más féidir/led’ thoil.
- Oideachas – mealladh na dtuismitheoirí – pointí breise s.rl.
- Ciorcal comhrá.
- Cabhair a thabhairt do thuismitheoirí & leanaí níos mó Gaeilge a labhairt idir na tuismitheoirí & leanaí.
- Clubanna do dhaoine fásta ag labhairt trí Ghaeilge faoi rudaí mar scannáin, leabhair s.rl.
- Gaeilge a labhairt le daoine nach labhrófá leo trí Ghaeilge de ghnáth.
- An pointe a chur in iúl sa phobal nach bhfuil gá le Gaeilge maith chun í a labhairt – Iarracht an rud is tábhachtaí – tóg go bog é – táim ag foghlaim Gaeilge – suaitheantais (badges) mar shampla.
- Ciorcal comhrá.
- Drámaíocht as Gaeilge.
- Cártaí (Card drives) as Gaeilge.
- Club Scannán.
- Bridge as Gaeilge.
- An dream óg a spreagadh chun dul go himeachtaí cosúil leis an Oireachtas nó an Comórtas Peile – chun taispeáint dóibh go bhfuil craic ag baint leis agus nár cóir go mbeadh náire orthu an Ghaeilge a úsáid.
- Ranganna.
- Sprioc le baint amach – tríd na heagraíochtaí – polasaí a chur chun cinn. CLG go mbeadh mar shampla óráid ullamh as Gaeilge – sprioc – lá an chluiche.
- B’fhéidir chomh maith – cur chun cinn na Gaeilge sa chlub, 2 - 6 déagóir roghnaithe chun tréimshe traenála a dhéanamh m.sh. b’fhéidir traenáil Fé8 trí Ghaeilge uair sa mhí. Hands on – foghlaim Gaeilge go gníomhach i ngan fhios dóibh féin le rud go bhfuil suim acu ann cheana – peile, uair sa mhí spreagadh seachas brú orthu.
- Úsáid a bhaint as na heagraíochtaí atá ann cheana
- Dea-chleachtais a roinnt le Gaeltachtaí eile.
- Teagmháil a dhéanamh le Gaeltachtaí eile agus fiosrú cad tá ag obair in áiteanna eile.
- An mbeadh éileamh ar ‘rudaí nua’ a thosnú? Ar cheart díriú ar rudaí atá á rith agus atá rathúil cheana féin. Sa tslí sin ní bheadh bolscaireacht / mealladh i gceist – ag deireadh an lae teastaíonn uainn teanga bheo folláin a dhéanamh di. Obair leis na rudaí atá ar bhun cheana agus athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge laistigh dóibh.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Go mbeadh tacaíocht ar fáil dóibh agus go mbeadh cruinneas sa téarmaíocht agus na nathanna a bheidh in úsáid acu – ionas nach mbeadh droch-nósanna ag dul ar aghaidh. Carachtair saghas ‘cailiúil’ ach fós dílis don Ghaeilge a roghnú a thabharfadh an slua leo. Go mbeadh teagasc & cabhair spreagúil ar fáil do na déagóirí seo ionas go músclódh siad an tsuim sna páistí óga. An bhfuil seans go mbeadh sé seo fiúntach? Ní bheadh mórán i gceist mar go mbeadh na páistí ag traenáil ar an nós?
- Clubanna daoine fásta trí Ghaeilge – Club scannán, club leabhar, club drámaíochta.
- Gan brú a chur ar dhaoine.
- Teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí agus tábhacht na Gaeilge a chur ina luí orthu.
- Cuairteoir baile.
- Fógra a chur go dtí na daoine atá bogtha isteach chun fáil amach cad go díreach atá uathu agus cad a chabhródh leo? An bhfuil spéis acu?
- Clinic Teanga / Ranganna.
- Tacaíocht do thuismitheoirí go háirithe tuismitheoirí measctha.
- Brú ar na daoine le Gaeilge – an iarracht ar fad a dhéanamh – conas é sin a athrú?
- Seirbhísí trí Ghaeilge – na siopaí, óstáin, Barr a’ Chuma, an banc, gruagaire.
- Gníomhaíochtaí trí Ghaeilge – Polasaí trí Ghaeilge ag gach coiste / eagraíocht s.rl.
- Dúshlán ag Daoine Óga.
- Cleachtas teanga.
- Téarmaíocht / Foclaíocht / Foclóir.
- Saibhreas – pobail i nGaeilge – drámaíocht, lúibíní, agallaimh beirte do dhaoine fásta agus óga – do gach aoisghrúpa.
- Timpeallacht foghlama sábháilte (Safe Environment to learn) i measc a chéile – bheadh siad ag foghlaim ag a luas féin.

CEIST 3 – FÍS

- Go mbeadh sé nádúrtha Gaeilge a labhairt i nGaeltacht Mhúscraí.
- Níos is ea í labhairt sa Ghaeltacht.
- Níl praghas/costas/luach airgid ar theanga ná cultúr ach tá luach ollmhór.
- Teanga ceangailte le cultúr.
- Tionchar an idirlín agus na meán sóisialta, lárionad teacht le chéile.
- Go mbeadh Múscraí ag déanamh níos fearr i gcomórtais Oireachtas na Gaeilge.
- Go mbeadh daoine ag scríobh amhráin, dánta, scéalta, agallaimh as Gaeilge.
- Go mbeadh daoine ag iarraidh teacht isteach agus cónaí anseo.
- Go mbeadh áis go bhféadfadh clainnte teacht chun fanúint sa cheantar.
- Go mbeadh gach éinne compordach an Ghaeilge a labhairt / iarracht a bhaint aisti – tiocfaidh an cultúr.
- Nasc a cruthú idir na páistí agus na daoine ag foghlaim na teanga – cur chun cinn.
- Ranganna aclaíochta / imeachtaí sa halla.
- Go mbeadh sé mar aidhm againn a bheith i gCatagóir A.
- Go bhféadfá do ghnó a dhéanamh 80% i nGaeilge i ngach gnó i Múscraí.
- Go mbeadh Barr a’ Chuma sa Ghaeltacht.
- Go mbeadh tumoideachas i bhfeidhm i ngach scoil.
- Go mbeadh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide i ngach scoil.
- Gaeilge a bheith le clos nuair a théann tú isteach sa siopa, lasmuigh den séipéal s.rl.
- Strainséirí go mbeannófaí dóibh trí Ghaeilge.
- Feabhas ar an nGaeilge atá againn – tá a lán Béarla sna focail a úsáidtear.
- Polasaí dátheangach – is scil ar leith comharthaí a dhéanamh i gceart s.rl. (agus a bheith glic mar gheall ar an teanga).

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

BAILE BHÚIRNE – 15.12.16

CEIST 1 – ÁISEANNA

- Leithris Phoiblí x 3.
- Comharthaíocht as Gaeilge (Irish Signage) x 3.
- Áit chaidrimh le Gaeilge – do dhaoine óga agus aosta.
- Ionad Cúram Leanaí – crèche & naíonra x 2.
- Páirceáil – spásanna páirceála a líneáil amach (line out parking spaces) i dtreo is gur féidir le daoine páirceáil sa cheart (barr an oileáin i lár an bhóthair – an-dainséarach)x 2.
- Plean tráchta don sráidbhaile (Traffic plan for the village).
- Halla spóirt.
- AstroTurf / Halla pobail (community hall).

CEIST 2 - GAEILGE

- Pacáiste do chuariteoirí (Visitors package).
- An Ghaeilge a spreagadh inár ngnóthaí (Encourage Irish in our business) – cúpla focal, comharthaí, suaitheantais (badges) x 2.
- Comórtas cosúil le Comórtas na mBailte Slachtmhara (Tidy Towns) chun Gaeilge a fhorbairt.
- Lá spóirt (Sports day).
- Grúpa tuismitheoirí agus lapadán (Parent and toddler group) as Gaeilge.
- Sinn féin – Gaeilge a labhairt.
- An Ghaeilge a spreagadh i measc grúpaí beaga – m.sh grúpa reatha (Encourage Irish among small groups – e.g. running group).
- Meon dearfach a fhorbairt – tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí (To develop a positive attitude amongst parents, teachers, pupil).
- Iachall a chur ar thuismitheoirí gan beag is fiú a dheanamh den teanga – ‘cén mhaitheas duit í’ (To encourage parents not to dismiss the language ‘what good is it do you’).
- Stair an cheantair agus stair na teanga a mhúineadh (Teach about the history of the area and the history of the language).
- Suaitheantas (Badge) le chaitheamh i siopaí s.rl. – Gaeilge x 2.
- Imeachtaí as Gaeilge – aclaíocht & caitheamh aimsirí eile trí Ghaeilge.
- Imeachtaí oiriúnacha as Gaeilge do dhéagóirí.
- Scileanna a roinnt le daoine eile trí Ghaeilge.
- Bothán na bhFear (Men’s shed) as Ghaeilge d’fhir & mná.
- Dul i bhfeidhm ar theaghlach óga a bpáistí a thógaint le Gaeilge.
- Tacaíocht do thuismitheoirí le hobair bhaile x 3.
- Lógó – G – freastalaithe sna siopaí, tithe tábhairne, óstáin s.rl.
- Ceachtanna simplí ar fáil d’fhoghlaimoirí áitiúla & cuairteoirí.
- Daoine gníomhacha ar scor.
- Lógó do cheantar Mhúscraí.
- Suíomh idirlín – Múscraí – aipeanna (apps) as Gaeilge.
- Suíomh idirlín idirghníomhach na scoileanna (Interactive school assist website) – an obair bhaile leis na leanaí i nGaeilge – plean roimh ré.
- Bothán na bhFear (Men’s shed) as Gaeilge
- Siombal Cainte –fraoch mar shampla cosúil leis an bhfáinne.
- Tabhair ar ais an £10 – bain úsáid as rud éigin nua difriúil (Bring back the £10 – as in use something new different).
- Club óige a fheabhsú / leathnú.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Bileog le ceisteanna i ngrúpaí ag gach gnó – m.sh. 30 ceist agus freagraí – frásaí simplí.
- Cabhair le ranganna bunúsacha a chur ar fáil do thuismitheoirí agus páistí.
- Bileog / nuachtlitir seachtainiúil a chur ar fáil leis na himeachtaí áitiúla. Leagan Béarla / Gaeilge.
- Níos mó béime ar chúrsaí samhraidh ó thaobh margaíochta de – fógraí, comharthaí bóithre, idirlíon.
- Cumann cnocadóireachta (Hillwalking club) as Gaeilge.
- Lárionad Acmhainní Gaeilge (Irish Resource Centre).
- Níos mó lasmuigh den scoil le páistí agus tuismitheoirí (More outside the school with kids and parents).
- Níos mó Gaeilge á úsáid ag meántóirí/cóitseálaithe le linn traenála, cluichí s.rl. (More use by mentors/coaches during training, matches etc).

CEIST 3 - FÍS

- Ár bhféiniúlacht.
- Mórtas inár dteanga agus ar gcultúr (Pride in our language and our culture).
- Cinneadh coinsiasach a dhéanamh í a labhairt (Making a conscious decision to speak it).
- Go mbeadh Múscraí mar ‘Valhalla na nGael’ agus comharthaí á léiriú san agus idirlíon.
- Coláiste Íosagáin a bheith in úsáid.
- Go mbeadh níos mó daoine ag baint úsáide as Gaeilge (fiú go dátheangach).
- Go mbeimis mar phobal bródúil agus dearfach as ár dteanga agus ár n-oidhreacht.
- Go mbeadh ar chumas gach éinne comhrá bunúsach simplí – bain triail as!
- Fáiltiú (Welcoming).
- Eolasach (Informative).
- Gaeilge – bun – grámhar – gáireach.
- Go n-aithneofaí Gaeltacht Mhúscraí mar an áit le dul ann don eispéireas Gaeilge/Gaelach is fearr (That Gaeltacht Mhúscraí would be identified as the place to go for the best Irish experience).
- Ionad Oidhreacht / Ionad cúram leanaí / Mol (hub) – úsáid an suíomh i gCluain Réidh – páirceáil trasna ón Crúiscín Lán.
- Gaeilge á úsáid ag gach éinne nó beagnach gach éinne (Irish being used by everyone or near enough to it).
- AstroTurf.

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

2. CEARDLANNA - DALTAÍ IARBHUNSCOILE / WORKSHOPS – SECONDARY SCHOOL STUDENTS (330 daltaí / students)

- COLÁISTE GHOBNATAN, BAILE BHÚIRNE
- SCOIL MHUIRE, BÉAL ÁTHA'N GHAORTHAIDH

Ceist 1 - Cad iad na moltaí a bheadh agat chun 'sibhse' a spreagadh chun Gaeilge a úsáid níos minicí sa phobal?

Ceist 2 - Cad iad na háiseanna do dhaoine óga atá in easnamh i do shráidbhaile?

SCOIL MHUIRE, BÉAL ÁTHA'N GHAORTHAIDH **CEIST 1 –GAEILGE 06.12.16**

Bliain 2

- Comórtas áitiúil de shaghas éigin.
- Scoileanna teacht le chéile chun peil a imirt.
- Clubanna áitiúla.
- Tráth na gCeist as Gaeilge.
- Comórtas peile.
- Cluichí boird (board games) as Gaeilge.
- Comórtas púil, Mario Cart, FIFA.
- Ollscoileanna as Gaeilge.
- Níos mó clár teilifíse ar TG4.
- Téir go tíortha eile le dhá theanga ann – malartuithe idirnáisiúnta (international exchange trips).
- Comórtais idir na Gaeltachtaí x 2.
- Ceardlanna éagsúla x 2.
- Suímh idirlín trí Ghaeilge x 2.
- Turais go Gaeltachtaí eile.
- Clubanna óige ag teacht le chéile.
- Dioscó ach má bheirtear ort ag labhairt Béarla caitear amach thú.
- Leabhair i nGaeilge.
- Fealsúnacht (Philosophy) trí Ghaeilge.
- Leabhar scéil (Story books) i nGaeilge.
- Scannáin as Gaeilge.
- Leabhair scoile i nGaeilge.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 06.12.16

- Bus go Beanntraí & Maigh Chromtha.
- Pictiúrlann x 2.
- Gym.
- Níos mó busanna.
- Iris Nuachta trí Ghaeilge – Seanfhocail.
- Cóir.
- Cluichí boird trí Ghaeilge.
- Bád go Inse Geimhleach.
- Ionad buail isteach (Drop-in centre) x 3.
- Ionad babhlála / Ionad spóirt.
- Siopa éadaí.
- Café.
- Stáisiún traenach.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Fothain (Shelter) da na daoine a theánn ar Aifreann, má bhfuilid taobh amuigh den séipéal.
- Santa's Grotto trí Ghaeilge um Nollag.
- AstroTurf.
- Ceangal idirlín sa Chlub Óige.
- Ábhar níos fearr i scoileanna níos lú (réimse níos mó).
- Cúirt cispheile Choláiste na Mumhan a fheabhsú/athchóiriú.

CEIST 1 – GAEILGE - 06.12.16

Bliain 3

- Turais go Gaeltachtaí éagsúla.
- Tech Space – códú i rith am scoile.
- Drámaíocht – cuairteanna ar Ghaeltachtaí eile chun é a chur ar siúl.
- Comórtas amhránaíochta.
- Master Chef na Gaeltachta.
- Gearrscannáin áitiúla.
- Ranganna hip-hap.
- Rince Gaelach.
- Rap as Gaeilge – é a canadh ar RnaG.
- Comórtais spóirt difriúla leis na Gaeltachtaí difriúla.
- Club Gaeltachtaí – Dioscó na Gaeltachta (do na Gaeltachtaí amháin).
- Turas gach bliain do dhéagóirí Gaeltachta go dtí Gaeltacht eile.
- Comórtais amhránaíochta (tallann) don Ghaeltacht – Múscraí's got Talent.
- Seó tallainne – m.sh. ceoil, damhsa an scoil.
- Siúlóidí.
- Treodóireacht (Orienteering) le treoracha i nGaeilge.
- Drámaíocht idir Ghaeltachtaí / scoileanna.
- Tráth na gCeist idir na Gaeltachtaí.
- Comórtais cluichí ríomhaireachta idir na Gaeltachtaí – 24 uair a' chloig – faigheann tú an t-airgead nuair a labhraíonn tú Gaeilge.
- Cairténeacht (karting) as Gaeilge – Comórtas Róbait idir na Gaeltachtaí.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 06.12.16

Bliain 3

- Bus go Corcaigh / Beanntraí.
- Ionad buail isteach (Drop-in centre).
- Bus go Baile Bhúirne / Cill na Martra.
- Dioscó ar leathphraghas má labhraíonn tú Gaeilge.
- Peil – Baile Bhúirne & Béal Átha'n Ghaorthaidh le chéile ag imirt i gcoinne Gaeltachtaí eile.
- Díospóireacht.
- Tráth na gCeist.
- Có dú.
- AstroTurf.
- Leabharlanna as Gaeilge.
- Siopa Uí Chorcra a athoscailt.
- Gym.
- Siopa.
- Pictiúrlann.

Plean Teanga Mhúscraí Aguisín I – Na Moltaí

- Falla Dreapadóireachta.
- Cumann obair bhaile.
- Cispheil.
- Cúirt leadóige.
- Boghdóireacht (Archery).
- Lámhach millíní péinte (Paintballing) as Gaeilge

CEIST 1 –GAEILGE - 06.12.16

Bliain 1

- Club spóirt / spraoi.
- Tráth na gCeist.
- Comórtas peile faoi aois idir na Gaeltachtaí, comórtas ceoil – Britain’s Got Talent as Gaeilge x 2.
- Athbheochan.
- Clár Raidió.
- Gearrscannáin.
- Scrabh (Scratch).
- Kahoot.
- Cluichí.
- Minecraft.
- Imirt amuigh sa chlós

CEIST 2 – ÁISEANNA 06.12.16

- Gym.
- Club Óige nua.
- Cluichí Oilimpeacha Gaeilge do pháistí.
- Café le gach saghas bia Gaelach.
- Linn Snámha a athchóiriú.
- Brick Oven - píotsaí.
- AstroTurf.
- Cúirt Cispheile laistigh.
- Raon reatha (running track).

CEIST 1 – GAEILGE - 06.12.16

Bliain 6

- Ceolchoirm as Gaeilge – mol an óige – stair.
- Cluichí Oilimpeacha na Gaeltachta.
- Peil do na Gaeltachtaí.
- Eachtraí a chuireann na Gaeltachtaí le chéile chun labhairt as Gaeilge.
- Nuachtlitir as Gaeilge.
- Aifreann as Gaeilge.
- Ranganna Gaeilge a chur ar fáil taobh amuigh den Ghaeltacht.
- Deontais a thabhairt ar ais.
- Níos mó béim ar an Oireachtas & Comórtas Peile na Gaeltachta.
- Níos mó gníomhaíochtaí / imeachtaí idir na Gaeltachtaí éagsúla.
- Comórtas Gaeltacht na Bliana.
- Níos mó laethanta cosúil le Gaeilge 24.
- Fógraí timpeall na háite m.sh. sna siopaí le seanfhocail, nathanna cainte deasa.
- Níos mó leabhair a chur ar fáil trí Ghaeilge sna scoileanna.

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

- Níos mó comórtais Gaeilge – filíocht, amhránaíocht.
- Níos mó béim ar an mBunChlub
- Comharthaí bóthair trí Ghaeilge.
- Nuachtlitir as Gaeilge.
- Ranganna Gaeilge do gach duine.

CEIST 2 – ÁISEANNA - 06.12.16

Bliain 6

- Club óige maith.
- Ócáidí athaontaithe (Reunions).
- Cainteoir faoi dheiseanna do dhaoine le Gaeilge.
- Bóthar níos fearr.
- Club Scannán as Gaeilge.
- Forbairt ar Choláiste na Mumhan – seomraí nua, daoine chun scoláirí a choimeád.
- Mion-chluichí oilimpeacha.
- Comórtais spráúla – m.sh. rásaí lathaigh (mud races).
- Le linn an tsamhraidh – ranganna Gaeilge / Stair na Gaeilge a chur ar fáil do na turasóirí.
- Crann Nollag sa cheantar.
- Seansanna Gaeilge a fhoghlaim do dhaoine nach as an gceantar dóibh.
- Bus go Beantraí / Maigh Chromtha.
- Linn snámha – teas a chur isteach ann.
- Rince Gaelach & Ceol Gaelach a chur ar siúl.
- Cúrsaí Gaeilge san oíche a chur ar fáil.
- Áiseanna spóirt – badmantan, cispheil, iománaíocht trí Ghaeilge.

CEIST 1 –GAEILGE - 06.12.16

Bliain 2

- Níos mó amhráin Ghaeilge.
- Níos mó scannáin as Gaeilge x 2.
- Níos mó turais go Gaeltachtaí eile x 3.
- Níos mó áiseanna spóirt.
- Níos mó deiseanna chun bualadh le chéile taobh amuigh den scoil- Áit le bualadh le chéile.
- Treodóireacht as Gaeilge agus idir na scoileanna.
- Hula-Hooping as Gaeilge.
- Ceardlanna do rudaí éagsúla trí Ghaeilge.
- Drámaí idir na scoileanna.
- Club bricfeasta.
- Cócaireacht as Gaeilge.
- Rothaíocht.
- Maidin chaife.
- Códú.
- Rás idir na Gaeltachtaí.

CEIST 2 – ÁISEANNA- 06.12.16

Bliain 2

- Snámh – linn snámha a athchóiriú.
- Turas ar fheirm – trí Ghaeilge.
- Club siúil na madraí.

Plean Teanga Mhúscraí **Aguisín I – Na Moltaí**

- Ag caint le daoine óga ó na Gaeltachtaí eile.
- Cluichí as Gaeilge.
- Falla dreapadóireachta.
- Bus go Baile Bhúirne / Beantraí.
- Ionad Spóirt.
- AstroTurf.
- Café nó Bialann.
- Club scannán.

CEIST 1 – GAEILGE - 06.12.16

Bliain 5

- Karaoke as Gaeilge.
- Eitpheil trá sna Gaeltachtaí.
- Ióga as Gaeilge.
- Sean nós & ceol.
- Comórtas Púil.
- Comórtas Céilí.
- Comórtas litriúcháin agus gramadaí.
- Seisiún ceoil.
- Comórtas amhránaíochta na Gaeilge.
- Céilí mór le gach scoil Gaeltachta.
- Tráth na gCeist idir na Gaeltachtaí.
- Biongó idir na Gaeltachtaí.
- Cluichí Oilimpeacha na Gaeltachta le duais mór.
- Seisiún ceoil a eagrú.
- Comórtais amhránaíochta, leithéidí X Factor nó The Voice. Na hamhráin a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.
- Dioscó as Gaeilge.
- Comórtas Rince – idir na Gaeltachtaí.
- Earraí Éireannacha agus Gaeilge ag Margadh na Nollag.
- Santa as Gaeilge – Grotto.
- Rapáil as Gaeilge.
- Cór na bhFear.
- Ranganna ceoil traidisiúnta.
- Áit chun bualadh le chéile.
- Comórtais tallainne.
- Ciorcal cainte.
- Ranganna ríomhaireachta as Gaeilge.
- Céilithe rialta, ag dul ó shráidbhaile go sráidbhaile x 3.
- Turais go Gaeltachtaí eile.
- Club Sacair Gaeltacht Mhúscraí.
- Turais go Clubanna Óige eile.
- Siúlóid ar fheirm trí Ghaeilge.
- Amhráin Ghaeilge / Cór na nGaeltachtaí – You Tube.

CEIST 2 – ÁISEANNA - 06.12.16

Bliain 5

- Club scannán.
- Café do dhaoine faoi 16 x 2.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Dioscó as Gaeilge sna sráidbhailte Gaeltachta i gceantar Mhúscraí.
- Aisteoirí ó Ros na Rún le haghaidh ranganna aisteoireachta.
- Áit le WiFi saor in aisce.
- AstroTurf.
- Ionad spóirt x 2.
- An linn snámha a oscailt agus a athchóiriú x 2.
- Ionad Cultúrtha le ceol, amhránaíocht, rince.
- Bialann – Ranganna Master Chef i nGuagán Barra.
- Club obair bhaile – meánscoil á dhéanamh leis an mbunscoil.
- Club leabhar Gaeilge.
- Ranganna rince, ceol Gaelach.
- Gym.
- Stáisiún peitрил.
- Siúlóid le meaisíní aclaíochta.
- ATM.
- Aonach míosúil.
- Plé & Tae tar éis Aifrinn.

COLÁISTE GHOBNATAN, BAILE BHÚIRNE

CEIST 1 – GAEILGE - 14.12.16

Bliain 4 – Idirbhliain

- Níos mó Gaeilge cumarsáide a fhoghlaim – ceardlanna.
- Spreagadh oibre chun níos mó Gaeilge a labhairt.
- Ciorcal cainte (le bia).
- Peil / Dioscó / Tráth na gCeist le Gaeltachtaí eile.
- Níos mó sna clubanna óige – Béal Átha'n Ghaorthaidh agus Gaeltachtaí eile.
- Blitz sacair le Béal Átha'n Ghaorthaidh.
- Deireadh seachtainí i nGaeltachtaí eile.
- Daidí na Nollag (Santa) trí Ghaeilge sa Mhuileann x 2.
- DJ Burph as Gaeilge.
- Cluiche peile i gcoinne scoileanna eile.
- Comórtas Peile na nÓg.
- Comórtas cócaireachta.
- Turas go Port Láirge / Gaillimh.
- Dráma scoile as Gaeilge.
- Tráth na gCeist as Gaeilge (le scoileanna a bhfuil Gaeilge acu).
- Club Óige gach seachtain – ag bualadh le chéile i mBaile Mhúirne / i gCill na Martra / i mBéal Átha'n Ghaorthaidh.
- Níos mó dioscónna agus dioscó ceoil traidisiúnta.
- Céilí – foghlaim seiteanna – Clubanna Óige.
- Spóirt difriúla le Club Óige.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 14.12.16

- Ionad Óige do dhaoine d'aois 14-18 mbliana le púl/snúcar, PS4 & WiFi agus plucóidí le haghaidh luchtairí.
- Siopa i gCúil Aodha x 2.
- Bus i gCúil Aodha.
- Stua cluichí (Games arcade) i mBaile Bhúirne.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- AstroTurf i mBaile Bhúirne x 2.
- AstroTurf i gCill na Martra.
- Soilse in Áras Íosagáin agus i gCill na Marta.
- Linn Snámha i gCill na Martra.
- Socraigh suas an halla i gCill na Martra.
- Stad bus i mBéal Átha'n Ghaorthaidh.
- Falla / Pinniúr liathróide / iomána – níl ceann sa Ghaeltacht.

CEIST 1 – GAEILGE - 14.12.16

Bliain 1

- Labhair Gaeilge sa bhaile.
- Teir go dtí Club Óige.
- Tráth na gCeist le scoileanna Gaeltachta.
- Ith rudaí atá fásta in Éirinn.
- Féach ar TG4.
- Dioscónna le clubanna óige i nGaillimh & Port Láirge x 2.
- Déan aip trí Ghaeilge - Snapchat / Instagram / Whatsapp as Gaeilge.
- Duaiseanna don duine a labhraíonn an méid is mó Gaeilge (ipad / taibléad).
- Déan aip le cluiche – m.sh. tráth na gceist.
- Blitz peile – cosúil le comórtas peile do dhaoine óga (cailíní & buachaillí) x 2.
- Cairde pinn (Pen pals) i gcóir achar míonna agus ansan raghaimid chun bualadh leo agus/nó fanacht leo ar feadh seachtaine / deireadh seachtaine.
- Amhráin a dhéanamh cosúil le Coláiste Lurgan.
- Clár teilifíse a dhéanamh sa scoil.
- Pantaimím a bheith againn as Gaeilge.
- Crann buíochais chun ár smaointe a chur air.
- Club scannán – Gaeilge, Béarla & bia.
- Gruagaire a labhraíonn Gaeilge.
- Turas ag babhláil le club óige eile.
- Dioscó le club óige eile.
- Duaiseanna don duine an labhraíonn an méid is mó Gaeilge sa mhí agus beidh duaiseanna iphones, ipads, airgead, earraí Superdry, Macbooks, Beats by Dr. Dre.
- Comortais ping pong, leadóige, dodgeball trí Ghaeilge i gcoinne na sráidbhailte eile i Múscraí.
- Níos mó rudaí ar siúl ag na Clubanna Óige.
- Dráma idir na scoileanna.
- Peil / Sacar / Cispheil trí Ghaeilge ach má labhraíonn tú Béarla caithfidh tú dul sa 'sin bin' ar feadh 10 nóiméad x 2.
- Rugbaí as Gaeilge.
- Canadh as Gaeilge – Cór do dhaoine óga.
- Grúp-chomhráití (group chats) as Gaeilge.
- Turais go dtí Gaeltachtaí eile.
- Déan bandaí riosta (wrist band) le dath éigin agus beidh a fhios ag daoine go labhraíonn tú Gaeilge x 2.
- Comórtas Rince idir na Gaeltachtaí.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 14.12.16

- Seomra le Xbox & PS4 agus teilifís & ipads sa scoile agus bia (is féidir linn íoc as an mbia). Má fhaigheann tú nóta maith is féidir dul go dtí an seomra saor in aisce.
- Caifitéire sa scoil le spólann (carvery).

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Preab spás (Bounce zone) as Gaeilge x 2.
- BÁCÚS i gCill na Martra.
- AstroTurf x 2.
- WiFi x 2.
- Ionad spóirt i Maigh Chromtha.

CEIST 1 – GAEILGE - 14.12.16

Bliain 2

- Turais go Gaeltachtaí eile – tráth na gceist.
- Mion-Chluichí Oilimpeacha (Mini Olympics) trí Ghaeilge idir na Gaeltachtaí x 2.
- Cluichí Oilimpeacha na nGaeltachtaí – caitheamh sleá (javelin), rás ubh & spúnóg, rásaí reatha, caitheamh an oird (hammer throw), caitheamh punainne (sheaf toss), poc fada s.rl.
- Comórtas amhránaíochta.
- Tráth na gCeist.
- Dul chun drámaí a fheiscint.
- Céilí.
- Comórtas peile idir scoileanna lán-Ghaeilge.
- Tráth na gCeist measctha.
- Cuairt ar TG4.
- Lá Spraoi trí Ghaeilge – cluichí boird, rásaí, ping pong.
- Malartú Scoile – i gcóir lá amháin.
- Lá Spóirt – peil, sacar, ping pong.
- Cairde pinn (Pen pals).
- Comórtas tarraingt téide.
- Macra na Gaeilge – tráth na gceist, comórtas peile.
- Dioscó le ceol ó Choláiste Lurgan.
- Cúrsaí Gaeilge breise do dhaoine gan Gaeilge sa cheantar i rith an tsamhraidh.
- Labhraíonn siopadóirí Gaeilge le custaiméirí / Úsáid na Gaeilge sna siopaí x 2.
- Níos mó fógraí bóthair agus fógraí crochta suas ag daoine trí Ghaeilge.
- Cuir níos mó leabhair Ghaeilge sa leabharlann.
- Irisleabhair / Foclóirí Gaeilge a chur amach sa phost.
- Ag aistriú irisleabhair Bhéarla go Gaeilge.
- Ag canadh amhrán Gaeilge tar éis Aifrinne.
- Comórtas peile idir na scoileanna.
- Tallann Baile Mhúirne.
- Cluichí boird Gaeilge oideachasúla sa scoil.
- Cluichí Gaeilge – ranganna Gaeilge.
- Úsáid Gaeilge san fhoireann peile áitiúil.
- Déan club leabhar / scannán / ceoil trí Ghaeilge.
- Déan ranganna ceoil trí Ghaeilge m.sh. an fhidil.
- Déan níos mó scannáin as Gaeilge.
- Cluiche sacair a bheith againn le daoine eile ón nGaeltacht.
- Teach le chéile i gcóir cóisir (party) leis na Gaeltachtaí eile.
- Tráth na gCeist le scoileanna eile.
- ‘Spelling B’ as Gaeilge – comórtas litriúcháin as Gaeilge.
- Conradh na Gaeilge – Baile Bhúirne le Tallann, canadh as Gaeilge.
- Cispheil as Gaeilge.
- Ping pong as Gaeilge.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Ceoil traidisiúnta as Gaeilge.
- Dioscó mór le clubanna Gaeltachta na Mumhan.
- Comórtas le gach foireann mionúir ó cheantair Ghaeltachta.
- Turas tarracóirí (Tractor drive).
- Ceolchoirmeacha.
- Liathróid láimhe.
- Scannán a thaispeáint san Ionad gach Aoine.
- Club scannán.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 14.12.16

- Ionad buail isteach (Drop-in centre).
- Bialanna trí Ghaeilge i gCill na Martra le hearraí ón nGaeltacht.
- Leabharlann – Cill na Martra.
- Leithris Phoiblí – Baile Bhúirne.
- Ionad spóirt ollmhór x 3.
- Margadh na Gaeltachta - margadh eallach (cattle mart).
- Falla dreapadóireachta.
- AstroTurf.
- Feirm lus na gréine (sunflower farm) i gCill na Martra.

CEIST 1 – GAEILGE - 15.12.16

Bliain 3 & 5

- Níos mó comórtais le bailte Mhúscraí i gcoinne a chéile.
- Spóirt éagsúla a imirt trí Ghaeilge – m.sh. dornálaíocht.
- Grúpa ceoil – Coláiste Ghobnatan – amhránaíocht & seinnt ceoil.
- Céilí leis na Gaeltachtaí uair sa mhí.
- Gael Linn níos mó i gcóir na meánscoileanna.
- Comórtas peile / iománaíochta idir na daoine óga.
- Dioscó le Béal Átha'n Ghaorthaidh.
- Tráth na gceist idir na scoileanna agus na Gaeltachtaí x 2.
- Agallamh beirte idir na scoileanna.
- Cluichí Oilimpeacha beaga idir na scoileanna.
- Seó tallainne idir na clubanna.
- Ceolchoirm amhránaíochta & rince Gaelach / céilí idir na Gaeltachtaí.
- Comórtas peile do dhaoine óga idir Ghaeltachtaí na hÉireann x 5.
- Dioscó le ceol as Gaeilge, le ceol Choláiste Lurgan & ceol traidisiúnta.
- Duais le haghaidh an duine a labhraíonn an méid is mó Gaeilge in aghaidh na bliana – is féidir iad a chur i gcrannchur don duais.
- Blitz idir na blianta scoile go léir.
- Scór idir na scoileanna Gaeltachta ar fad.
- Rás daite (Colour run) as Gaeilge.
- Club óige níos fearr x 3.
- Club scannán as Gaeilge.
- Comórtas treabhdóireachta (ploughing championship) beag as Gaeilge.
- Comórtas ite brocairí teo (hotdog eating contest) as Gaeilge.
- Bingo i nGaeilge do mheánscoileanna x 2.
- Dioscó na Mumhan – Gaeltachtaí & Meánscoileanna x 3.
- Scrabble as Gaeilge sa Chlub Óige.
- Turas go dtí An Rinn nó Gaoth Dobhair chun peil a imirt & rince.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Comórtas Biongó (Bingo Championships) le Gaeltachtaí eile x 2.
- Fleadh Cheoil idir dhaoine óga.
- Comórtas liathróid raicéid (Racquetball tournament).
- Club Scannán – Baile Bhúirne.
- Comórtas Amhránaíochta trí Ghaeilge.
- Lá Spóirt sa phobal trí Ghaeilge le duaiseanna.
- Ranganna Rince.
- Club Iománaíochta.
- Galf Coise (Foot-Golf) as Gaeilge.
- Club Oíche in áit éigin sa Ghaeltacht le hamhrán as Gaeilge cosúil le hamhráin Choláiste Lurgan.
- Club Óige i gCill na Martra.

CEIST 2 –ÁISEANNA - 15.12.16

- Ionad buail isteach (Drop-in centre) x 2.
- Halla spóirt i Réidh na Doirí x 4.
- Club fichille (Chess club).
- Áit cosúil le Supernova le mórán áiseanna spóirt i Réidh na nDoirí.
- Páirc Laochra Óg a lonnú i Réidh na nDoirí.
- Áit sóisialta i gCúil Aodha.
- Soilse sa pháirc peile.
- Café idirlín (Internet cafe).
- AstroTurf.

CEIST 1 – GAEILGE - 15.12.16

Bliain 6

- Cluichí peile & cispheile le scoileanna eile trí Ghaeilge – scoileanna le Gaeilge acu.
- Liathróid Péint (Paint ball)– imeachtaí don chlub óige.
- Gasóga a bhunú.
- Ranganna do dhaoine fásta – cócaireacht, bláthanna, ag déanamh meala, ríomhairí s.rl.
- Siúlóidí don mheánscoil – Reilig Ghobnatan, Mullach an Ois, siúlóidí stairiúla, siúlóidí sna coillte.
- Comórtas Peile na Gaeltachta le haghaidh meánscoileanna x 2.
- Comórtas Pap Cheoil agus Gaeilge idir Ghaeltachtaí & Scoileanna.
- Ceolchoirm beag.
- Deireadh Seachtainí Gaeilge.
- Cúrsaí Smideadh (Make-up courses) as Gaeilge.
- Tráth na gCeist le scoileanna eile.
- Pictiúrlann tiomáin isteach (drive-in cinema) le scannáin Ghaeilge.
- Turas go dtí an Daingean.
- Cúrsaí samhraidh cosúil le Coláiste Lurgan.
- Malartú daltaí Gaeltachta (student exchange) a dhéanamh le haghaidh meánscoileanna.
- Céilí do dhaoine óga le scoileanna eile.
- Féile cosúil leis an gComórtas Peile idir gach Gaeltacht i gcóir daoine óga (meánscoileanna).
- Féile Ceoil trí Ghaeilge - Ceol nua-aimseartha ach bannaí as Éirinn i rith an tsamhraidh.
- Club Óige – café i gcóir daltaí scoile (cluichí & spás chun labhairt lena chéile).
- Oíche le cluiche ólacháin – cosúil leis an 12 tigh tábhairne (12 pubs) ach bheadh rialacha mar gheall ar an nGaeilge – gach sráidbhaile sa Ghaeltacht.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Club scannán.
- Turais mhistéire (Mystery Tours) as Gaeilge.
- Turais bus chuig Gaeltachtaí eile – imeachtaí éagsúla.
- Gaeilge a labhairt níos mó sna siopaí áitiúla & níos mó fógraí as Gaeilge.
- Comórtais idir Ghaeltachtaí - céilí mór, ceol, dánta, agallamh beirte s.rl.
- Amhráin a aistriú go Gaeilge.
- ‘Labhair Gaeilge Liom’ – T-léinte sna siopaí áitiúla & gnóthaí áitiúla.
- Comórtas tallainne idir shráidbhailte Ghaeltacht Mhúscraí.
- ‘Seomra Spraoi’ chun Gaeilge a labhairt.
- Ceardlanna drámaíochta, scannánaíochta, raidió.
- Cúrsaí Ealaíne – i ndearadh ceilteach (Celtic design).
- Malartú daltaí (student exchange) idir na Gaeltachtaí – céilí, díospóireachtaí, iománaíocht, peil, spóirt s.rl.
- Domhnach Cincíse (Whitsun) as Gaeilge le cluichí & earraí trí Ghaeilge.
- Tóg Mé Amach (Take Me Out) - clár as Gaeilge.
- Maidinchaife chun airgead a bhailiú.
- Raon Cré (Dirt Track) – comórtais éagsúla bainteach le Gaeilge – rith lathaigh 5km (5km mud run).

CEIST 2 –ÁISEANNA - 15.12.16

- Bialann trí Ghaeilge.

Plean Teanga Mhúscraí Aguisín I – Na Moltaí

3. DALTAÍ BUNSCOILE MHÚSCRAÍ – NATIONAL SCHOOL STUDENTS

(211 daltaí/students)

- Scoil Fhionnbarra, Béal Átha'n Ghaorthaidh
- Scoil Náisiúnta Chúil Aodha-Barr d'Inse
- Scoil Lachtaín Naofa, Cill na Martra
- Scoil Abán Naofa, Baile Bhúirne
- Scoil Náisiúnta Réidh na nDóirí

BÉAL ÁTHA'N GHAORTHAIDH - 27.02.17

RANG 5 & RANG 6

- Dul ar thuras scoile go dtí Gaeltachtaí éagsúla ar fud na tíre x 4.
 - Ranganna rince x 3.
 - Ranganna Ealaíne trí Ghaeilge x 3.
 - Tráth na gCeist idir mhuintir Mhúscraí x 3.
 - Tráth na gCeist idir scoileanna éagsúla ó Ghaeltachtaí eile.
 - Tráth na gCeist a dhéanamh as Gaeilge i comhair na bunscoile.
 - Bheith in ann dul go dtí an Oireachtas.
 - Ranganna cócaireachta x 2.
 - Céilí as Gaeilge x 3.
 - Comórtas Peile don bhunscoil le Múscraí x 2.
 - Comórtas Peile.
 - Ranganna bÁCála trí Ghaeilge.
 - Céilí le muintir Mhúscraí.
 - Club Scannán.
 - Linn snámha a dheisiú.
 - Ranganna snámha trí Ghaeilge.
 - Club sacair trí Ghaeilge.
 - Ranganna Rince.
 - Céilí as Gaeilge.
 - Seisiúin Cheoil.
 - Turas Spaisteoireachta.
 - Turas scoile chuig Ciarraí.
 - Comórtas Ealaíne.
 - Lá Spóirt idir na háiteanna.
 - Bialann.
 - Café a thógáil i Múscraí.
 - Cluiche sacair i gcomhair gach éinne.
 - Ranganna Ceoil trí Ghaeilge.
 - Ranganna Ceol-uirlise as Gaeilge.
 - Ranganna Céilí.
 - Ranganna éadaí a dhathú le dath bia (food colouring) i nGaeilge.
 - Ranganna gruaige a dhéanamh i nGaeilge.
 - Rothaíocht do na páistí.
 - Comórtas Spóirt.
 - Gairdín sa scoil.
-
- RANG 3 & RANG 4
 - Ranganna ealaíne as Gaeilge x 3.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Linn snámh a dheisiú x 2.
- Comórtas bÁCáil trí Ghaeilge x 2.
- Ranganna Cócáireachta x 2.
- Club Scannán x 2.
- Clár teilifíse a dhéanamh as Gaeilge do Cúla 4 x 3.
- Tráth na gCeist le scoileanna eile x 2.
- Seinn ceoil le scoileanna eile.
- Scannán – Gearrscannán a dhéanamh as Gaeilge.
- Tráth na gCeist le daoine eile le Gaeilge.
- Déan clár raidió as Gaeilge.
- Páirc Spraoi trí Ghaeilge.
- Músaem beag faoinár dteanga.
- Turas scoile go dtí feirm nó áiteanna eile.
- Ranganna teicneolaíochta trí Ghaeilge.
- AstroTurf.
- Comórtas Peile faoi 10.
- Staisiún Raidió.
- Halla mór te le pictiúrlann beag in aice leis.

CÚIL AODHA - 01.03.17

RANG 4, 5 & 6

- Tráth na gCeist idir na bunscoileanna x 10.
- Comórtas peile idir na Gaeltachtaí - bunscoileanna / blitz peile x 10.
- Ranganna Cócáireacht trí Gaeilge x 8.
- Comórtas Cócáireachta x 2.
- Ranganna BÁCála x 6.
- Ranganna ceoil trí Ghaeilge x 6.
- Rang Ealaíne x 7.
- Sacar do na cailíní trí Ghaeilge x 3.
- Hip hap trí Ghaeilge x 7.
- Cumann Scannán x 9.
- Cluichí Oilimpeacha idir na bunscoileanna trí Ghaeilge x 3.
- Ranganna gruagaireachta trí Ghaeilge x 3.
- Oíche scannán trí Ghaeilge x 2.
- Comórtas sacar idir na scoileanna x 2.
- Ranganna Gaeilge i gcóir daoine fásta x 2.
- Cumann Leabhar x 4.
- Lá spóirt do na scoileanna go léir x 4.
- Ranganna le hainmhithe x 2.
- Treodóireacht do scoileanna x 2.
- Ranganna Aisteoireachta x 3.
- Comórtas lúibíní trí Ghaeilge.
- Ranganna Lúibíní x 3.
- Ranganna Agallamh Beirte x 2.
- Cluichí Oilimpeacha Grinn (Whacky Olympics) x 2.
- Ranganna Leabhar a léamh/Club Leabhar x 2.
- Turas go dtí feirm trí Ghaeilge.
- Turas leis na scoileanna sa ceantar.
- Turas go dtí Gaeltacht eile x 2.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Lá comórtas spóirt éagsúla.
- Comórtas Camógaíochta.
- Rang Camógaíochta.
- Comórtas rince.
- Comórtas Cispheile.
- Leabharlann Gaeilge.
- Scannán Gaeilge sa Halla.
- Dul ar turas go Gaeltacht eile - Gaillimh.
- Ranganna Haca.
- Ranganna Cispheil.
- Turas go tíortha eile.
- Bac-chúrsaí (Obstacle course).
- Gleacaíocht.
- Rince Gaelach x 2.
- Grúpa Rince.
- Ranganna Spóirt.
- Eolaíocht trí Ghaeilge.
- Rugbaí.
- Ranganna Cidhornaíochta.
- Club Gailf.
- Club Ríomhairí.
- Lá cluichí boird.
- Rang Canadh.

CILL NA MARTRA – 03.03.17

Rang 5&6

- Blitz peile x 5
- Tráth na gCeist le scoile eile x 4
- Lá Spóirt x 4.
- Feachtas bailithe airgid do charthanas (Fundraiser for charity).
- Feachtas bailithe airgid (Fundraiser) le haghaidh an scoil.
- Rang Ealaín x 4.
- Rang Cócaireachta x 4.
- Comórtas Ceoil x 2.
- Comórtas Peile idir Mhúscraí (páistí) x 2.
- Gaeilge x 3.
- Seó Tallainne idir scoileanna Mhúscraí x 4.
- Seó Tallainne do charthanas (charity).
- Lá Pictiúrlainne (Cinema Day) – uair sa mhí x 5.
- Níos lú obair bhaile x 2.
- Iománaíocht x 2.
- Blitz Iománaíochta Talún (Ground Hurling Blitz) i gcoinne Port Láirge x 4.
- Blitz Iománaíochta idir scoileanna sa Ghaeltacht (Port Láirge) x 4.
- Níos mó Iománaíochta & Camógaíochta & b'fhéidir é a dhéanamh leis na scoileanna eile.
- Dioscó x 4.
- Dul ar thuras go dtí Gaeltachtaí eile x 4.
- Club Óige.
- Bualadh le daoine taobh amuigh den scoil agus Gaeilge a dhéanamh.

Plean Teanga Mhúscraí

Aguisín I – Na Moltaí

- Níos mó rudaí don pharáid.
- AstroTurf x 4.
- Páirc Súgartha x 2.
- Ag dul go 'Zip It' trí Ghaeilge x 2.
- Dul go Gael Linn x 3.
- Gael Linn – Port Láirge.
- Rang Rince.
- Comórtas Ceoil.
- Zip Wire.
- Rang 3&4
- Ranganna/Cúrsa Cócaireachta x 24.
- Rang BÁCÁLA x 6.
- Master Chef leis na páistí x 2.
- Comórtas BÁCÁLA Mhúscraí - Great Múscraí Bake Off (idir na scoileanna) x 4.
- Páirc Súgartha (sa scoil nó in aice leis an bpáirc peile) x 14.
- Rang Feirmeoireachta x 9.
- Siúlóid Feirme.
- Turas go Feirm x 2.
- Feirm le peataí.
- Taispeántas trealamh feirme.
- Rang Ealaíne x 11.
- Club Óige x 12.
- Comórtas Peile na nÓg x 11.
- Airgead a bhailiú i gcomhair níos mó suíochán / stáitse nua don pháirc peile x 7.
- Rang Hip Hap x 7.
- Cumann Dodgeball x 5.
- Tráth na gCeist le scoileanna eile x 5.
- Rang Amhránaíochta x 2.
- Comórtas Amhránaíochta.
- Comórtas tallainne - Múscraí got Talent x 2.
